# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/149

Galway County Council Archives

GPa/149 (1)

# Ciste Cuiṁneaċáin an Ċraoiḃín Aoiḃinn

An Bun Beag,
42, Páirc Gilford,
Duṁaċ Tráġa,
Baile Áṫa Cliaṫ.

Iúl 17 1939

Tomás Bairéad,
3, Beechmount Villas,
Glasnaoiḋean,
Baile Áṫa Cliaṫ.

A Ċara,

Cuireann sé ríméad orm a innsint duit go ḃfuil socruiġṫe ag Iontaoḃaiḋṫe Ċiste Cuiṁneaċáin an Ċraoiḃín Aoiḃinn Duais na bliaḋna 1938 a ḃronnaḋ ort-sa ar son an leaḃair, "An Geall a Ḃriseaḋ".

Béiḋ mé buiḋeaċ ḋíot aċ cunntas gearr a ṫaḃairt dom i d' ṫaoḃ féin--an áit a rugaḋ ṫú, do ṡaoġal, do ṡaoṫar litearḋa, ⁊rl.

Ċóṁ luaṫ i nÉirinn agus ḃéas ċuile rud socair agam cuirfiḋ mé seic ċugat.

Is mise do ċara,

Earnán de Siúnta
("An Buaċaillín Buiḋe")
(Rúnaiḋe Oinig.)

GP2/149(2)

# Ciste Cuiṁneaċáin an Ċraoiḃín Aoiḃinn

An Dún Beag,
42, Páirc Gilford,
Duṁaċ Tráġa,
Baile Áṫa Cliaṫ.

Luġnasa 18 1939

Do Ṫomás Bairéad,
3, Beechmount Villas,
Glasnaoiḋean,
Baile Áṫa Cliaṫ.

A Ċara,

Gaḃ mo ṁíle leiṫscéal faoi'n ṁoill móir a rinne mé ó scríoḃ mé ċugat ċeana.

'Sé an ċaoi a raiḃ mé i n-áit iargcúlta i nGaeḋealtaċt Ċo. Ṁuiġeo agus mo ċuid páipéirí agus eile i ḃfad ~~xxxxxx~~ uaim.

Pé ar biṫ é is fearr go deireannaċ 'ná go bráṫ agus táim ag cur seic ar £25,0.0. ċugat anois--Duais an Ċraoiḃín le h-aġaiḋ na bliaḋna 1938. Déiḋ mé buiḋeaċ díot aċ an adṁáil a ṡiġniú agus a ċur ar ais ċugam.

Tá "An Geall a Briseaḋ" léiġṫe agam fá ḋó, ċóṁ maiṫ le "Cuṁaċt na Cinneaṁna". Caiṫfiḋ mé cunntas beag a ċur le ċéile le h-aġaiḋ na bpáipéar anois. Ní gáḃaḋ ḋom a ráḋ gur ṫaiṫniġ an dá leaḃar go mór liom, mar Ċonnaċtaċ. Tá siad ṫar cionn.

Is mise do ċara,

An Buaċaillín Buiḋe

(Rúnaiḋe Oiniġ na nIontaoḃaiḋṫe.)